C/2025/5132

22.9.2025

Fógra maidir leis na limistéir atá ar fáil chun ceadúnais a dheonú ina leith chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a shaothrú ar an mórthír

(C/2025/5132)

De bhun Airteagal 20 den Acht um Thaiscéalaíocht agus Saothrú Hidreacarbóin (*Narodne novine* (NN; Iris Oifigiúil Phoblacht na Cróite) Uimh. 52/18, Uimh. 52/19 agus Uimh. 30/21), leis seo foilsíonn an Aireacht Geilleagair, thar ceann Phoblacht na Cróite, an méid seo a leanas:

Iarrann Rialtas Phoblacht na Cróite ar gach duine leasmhar tairiscintí a chur isteach d'fhonn ceadúnas a fháil chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a shaothrú i ndáil leis na bloic thaiscéalaíochta atá ar fáil ar an mórthír.

1. FAISNÉIS MAIDIR LE BLOIC THAISCÉALAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na limistéir chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a shaothrú ar an mórthír a bhfuil ceadúnais taiscéalaíochta agus saothraithe hidreacarbóin ar fáil ina leith:

1. Bloc taiscéalaíochta SZH-01

2. Bloc taiscéalaíochta DR-02/2

3. Bloc taiscéalaíochta SA-10/1

Soláthraítear léarscáileanna de na bloic thaiscéalaíochta agus comhordanáidí na mbloc taiscéalaíochta sa doiciméadacht tairisceana.

Na bloic thaiscéalaíochta a bhfuil ceadúnais taiscéalaíochta agus saothraithe ar fáil ina leith, is limistéir iad a scarann infheisteoirí leo sa phróiseas taiscéalaíochta le haghaidh hidreacarbón i gcomhréir le hAirteagal 36 den Acht um Thaiscéalaíocht agus Saothrú Hidreacarbóin.

2. CRITÉIR CHUN NA TAIRGEOIRÍ A ROGHNÚ

Faoi Airteagal 2(2) de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid chun hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéaladh agus a tháirgeadh (IO L 164, 30.6.1994) i ndáil leis an tslándáil náisiúnta agus i gcomhréir le hAirteagal 19 den Acht um Thaiscéalaíocht agus Saothrú Hidreacarbóin, is iad seo a leanas na critéir atá le cur san áireamh chun an tairgeoir is fearr a roghnú:

1. inniúlacht theicniúil, airgeadais agus ghairmiúil an tairgeora;

2. conas a bheartaíonn an tairgeoir na gníomhaíochtaí a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad a chumhdaítear leis an gceadúnas chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a shaothrú;

3. cáilíocht fhoriomlán na tairisceana a cuireadh isteach;

4. na coinníollacha airgeadais a thairgeann an tairgeoir mar mhalairt ar an gceadúnas chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a shaothrú; agus

5. aon easpa éifeachtúlachta nó freagrachta in aon fhoirm a léiríonn an tairgeoir i dtír eile agus gníomhaíochtaí á ndéanamh aige a chumhdaítear le ceadúnas chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a shaothrú.

Critéar eile chun an tairgeoir a roghnú is ea an táille as an gconradh a dhéanamh chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a shaothrú, a leagtar síos ísosmhéid na táille sin san fhoraithne dá dtagraítear in Airteagal 51 den Acht um Thaiscéalaíocht agus Saothrú Hidreacarbóin.

Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar bhonn na gcritéar faoin Acht um Thaiscéalaíocht agus Saothrú Hidreacarbóin, go bhfuil an fiúntas céanna ag baint le dhá thairiscint nó níos mó, cuirfear critéir ábhartha, oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha eile san áireamh le haghaidh an chinnidh chríochnaithigh.

3. AN NÓS IMEACHTA CHUN TAIRISCINTÍ A CHUR ISTEACH

Tá tairiscintí le cur isteach i gcomhréir leis an doiciméadacht tairisceana a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin oifigiúil Ghníomhaireacht Hidreacarbóin na Cróite – www.azu.hr – agus le cur faoi bhráid na Gníomhaireachta Hidreacarbóin i gcomhréir le forálacha an Achta um Thaiscéalaíocht agus Saothrú Hidreacarbóin agus na doiciméadachta tairisceana.

Is féidir teacht ar gach faisnéis agus fógra ábhartha eile ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Hidreacarbóin – www.azu.hr.